

Beartla Breathnach

Scrib, Camus

Ba as Scrib, Beartla Breathnach, nó Beartla Pheter Jainín mar a b'fhearr aithne air. Bhí sé pósta le Nain Mháire Bhán agus bhí deichniúr clainne acu.

Ba fear é Beartla a raibh cáil bainte amach aige mar lúth-chleasaí. Is ag caitheamh meáchain is mó a bhí cáil air ach bhí craobh na hÉireann bainte amach aige leis an Javelin, Discus chomh maith leis an sé phunt déag agus an leathchéad. Thug sé leis Craobh na hÉireann sna ceithre comórtais seo in aon lá amháin i gCorcaigh. B'iontach an gaisce é agus b'iontach an onóir do Chamus é an bua seo.

Chomh maith leo seo bhíodh sé ag caitheamh an Hammer, an leathchéad thar an trasnán, léim ard, léim fhada agus ag rith nuair a bhí sé níos óige agus ba snámhoir maith é freisin.

Is iomaí áit a raibh Beartla ag plé le lúthchleasa. Théadh sé go hInis Mór agus hInis Meáin, ag féiltí na mbád mar go hiondúil bhíodh caitheamh meáchain ann. Bhíodh an-suim aige i ngach cinéal lúthchleasa agus ba mhaith leis daoine óga a fheiceáil ag tógáil páirt agus ag déanamh dul chun cinn sna cluichí seo.

Bhí an-suim aige club lúthchleasaíochta a chur ar bun i gCamus ach mo léan, níor éirigh leis é seo a dhéanamh. Tá súil agam go mbeidh muid in ann club a chur ar bun

anseo agus aisling Bheartla a leanúint ar aghaidh.

Tá a chlann féin anois ag tógáil sampla maith uaidh. Tá Craobh na hÉireann bainte amach ag Beartla Óg ag caitheamh meáchain faoi sé bhliain déag agus craobh na hÉireann bainte amach ag Réamonn sa Dornálaíocht.

Rinne siad ionadaíocht ar Éirinn i gCraobh Chomortais Idirnáisiúnta sa Dornálaíocht agus sa Lúthchleasaíocht.

*"Fágaim slán is beannacht ag mo chara dílis,
A d'imigh uainn ar fhógra gearr,
Fear macánta dílis a bhí geanúil
Críostúil,
Ach tá sé anois in áit níos fearr."*

*Dán le Séamas Ó Fiannachta,
Gleann Trasna*



• Ag tarraingt téide ag Rásaí an Dóilín sna seachtóidí. Sé Beartla Breathnach atá i ngreim an rópa ag bun an phictiúir.



TÍ TAAFFE

**Sráid na Siopai
Gaillimh**

*Gach rath ar
Phléaraca Chonamara*

Gach rath ar Phléaraca Chonamara
Micheál Ó Neachtain

AN SPIDÉAL

**Seirbhís Taxi • Mionbhusanna
Busanna do gach ócáid**

Seirbhís iomlán sochraid

Glaigh ar Mhike Steve 091-83188/83302